2023/2450

30.10.2023

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/2450 ÓN gCOIMISIÚN

**an 25 Iúil 2023**

**lena bhforlíontar Treoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí liosta seirbhísí fíor-riachtanacha a bhunú**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/114/CE ón gComhairle ([1]), go háirithe Airteagal 5(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm do Threoir (AE) 2022/2557 a áirithiú i gcás seirbhísí atá fíor-riachtanach le haghaidh cothabháil feidhmeanna sochaíocha agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha, go ndéanfar iad a sholáthar ar bhealach gan bhac sa mhargadh inmheánach agus go bhfeabhsófar athléimneacht eintiteas criticiúil a sholáthraíonn na seirbhísí sin.

(2) Chun na críche sin agus de bhun Airteagal 5(1) de Threoir (AE) 2022/2557, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh lena mbunófar liosta neamh-uileghabhálach de sheirbhísí fíor-riachtanacha sna hearnálacha agus sna fo-earnálacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir sin. Tá an liosta sin le húsáid ag na húdaráis inniúla chun measúnú riosca a dhéanamh agus tá an measúnú riosca le húsáid chun eintitis chriticiúla a shainaithint ina dhiaidh sin.

(3) Ba cheart liosta na seirbhísí fíor-riachtanacha a tharraingt suas ar bhealach cineálach, chun chun freastal ar shainiúlachtaí na mBallstát amhail méid, dlús daonra, nó suíomh geografach. Níor cheart ach seirbhísí fíor-riachtanacha sna catagóirí eintiteas a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir (AE) 2022/2557 a chumhdach leis áfach. Chuige sin, níor cheart ach seirbhísí a sholáthraíonn eintitis a thagann faoi na catagóirí sin a mheas mar sheirbhísí fíor-riachtanacha, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (5) de Threoir (AE) 2022/2557.

(4) Ar bhonn níos ginearálta, ba cheart liosta na seirbhísí fíor-riachtanacha a úsáid i bhfianaise fhorálacha ábhartha uile Threoir (AE) 2022/2557. Áirítear leis sin an sainmhíniú gurb iad is seirbhísí fíor-riachtanacha seirbhísí atá ríthábhachtach chun feidhmeanna sochaíocha, gníomhaíochtaí eacnamaíocha, sláinte agus sábháilteacht phoiblí nó an comhshaol a chothabháil, chomh maith leis an sainmhíniú ar eintiteas riaracháin phoiblí agus na forálacha maidir le raon feidhme na Treorach sin. De bhun Airteagal 1(6) de Threoir (AE) 2022/2557, eisiatar eintitis riaracháin phoiblí a dhéanann a ngníomhaíochtaí i réimsí na slándála náisiúnta, na slándála poiblí, na cosanta nó fhorfheidhmiú an dlí, lena n-áirítear cionta coiriúla a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh.

(5) Dá réir sin, maidir leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a liostaítear ar bhonn neamh-uileghabhálach sa Rialachán tarmligthe seo, níor cheart a mheas gur seirbhísí fíor-riachtanacha iad, chun críoch an Rialacháin tharmligthe seo agus Threoir (AE) 2022/2557, ach amháin i gcás ina gcáilíonn siad mar sheirbhísí fíor-riachtanacha mar a shainmhínítear sa Treoir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

## Ábhar

Leis an Rialachán seo, de bhun Airteagal 5(1) de Threoir (AE) 2022/2557, bunaítear liosta neamh-uileghabhálach de sheirbhísí fíor-riachtanacha, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (5) den Treoir sin, sna hearnálacha agus sna fo-earnálacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir sin.

([1]) IO L 333, 27.12.2022, lch. 164.

*Airteagal 2*

**Liosta neamh-uileghabhálach de sheirbhísí fíor-riachtanacha**

Is mar seo a leanas a bheidh an liosta neamh-uileghabhálach de sheirbhísí fíor-riachtanacha dá dtagraítear in Airteagal 1:

(1) earnáil an fhuinnimh:

(a) fo-earnáil an leictreachais:

(i) soláthar leictreachais (*gnóthais leictreachais*);

(ii) córas dáileacháin leictreachais a oibriú, a chothabháil agus a fhorbairt (*oibreoirí córais dáileacháin*);

(iii) córas tarchurtha leictreachais a oibriú, a chothabháil agus a fhorbairt (*oibreoirí córais tarchurtha*);

(iv) giniúint leictreachais (*tairgeoirí*);

(v) seirbhís a sholáthraíonn oibreoir ainmnithe sa mhargadh leictreachais (oibreoirí ainmnithe sa mhargadh leictreachais);

(vi) freagairt ar an éileamh (rannpháirtithe sa mhargadh leictreachais);

(vii) comhbhailiú leictreachais (rannpháirtithe sa mhargadh leictreachais);

(viii) stóráil fuinnimh (rannpháirtithe sa mhargadh leictreachais);

(b) fo-earnáil an téimh agus an fhuaraithe ceantair: soláthar an téimh agus an fhuaraithe ceantair (oibreoirí téimh ceantair nó fuaraithe ceantair);

(c) fo-earnáil na hola:

(i) tarchur ola *(oibreoirí píblínte tarchuir ola);*

(ii) táirgeadh ola (oibreoirí saoráidí táirgthe);

(iii) scagadh agus cóireáil ola (*oibreoirí saoráidí scagtha agus cóireála ola*);

(iv) stóráil ola (*oibreoirí stórála ola*);

(v) cúlstoic ola a bhainistiú, lena n-áirítear stoic éigeandála agus stoic shonracha (*eintitis stocshealbhaíochta lárnacha*);

(d) fo-earnáil an gháis:

(i) soláthar gáis (*gnóthas soláthair*);

(ii) dáileadh gáis (*oibreoirí córais dáileacháin*);

(iii) tarchur gáis (*oibreoirí córais tarchurtha*);

(iv) stóráil gáis (*oibreoirí córais stórála*);

(v) oibriú córais gáis nádúrtha leachtaithe (GNL) (oibreoirí córais GNL);

(vi) táirgeadh gáis nádúrtha (*gnóthais gáis nádúrtha*);

(vii) ceannach gáis nádúrtha (*gnóthais gáis nádúrtha*);

(viii) scagadh agus cóireáil gáis nádúrtha (*oibreoirí saoráidí scagtha agus cóireála gáis nádúrtha*);

(e) fo-earnáil na hidrigine:

(i) táirgeadh hidrigine (*oibreoirí táirgthe hidrigine*);

(ii) stóráil hidrigine (*oibreoirí stórála hidrigine*);

(iii) tarchur hidrigine (*oibreoirí tarchuir hidrigine*);

(2) earnáil an iompair:

(a) fo-earnáil aeir:

(i) seirbhís aeriompair a úsáidtear chun críoch tráchtála (paisinéirí agus lastas) (aeriompróirí);

(ii) aerfoirt agus bonneagar líonra aerfoirt a oibriú, a bhainistiú agus a chothabháil (comhlachtaí bainistithe aerfoirt);

(iii) seirbhísí rialaithe aerthráchta (oibreoirí rialaithe bainistíochta tráchta);

(b) fo-earnáil an iarnróid:

(i) seirbhísí iompair iarnróid (paisinéirí agus lasta) (gnóthais iarnróid);

(ii) bonneagair iarnróid a oibriú, a bhainistiú agus a chothabháil, lena n-áirítear stáisiúin paisinéirí, críochfoirt lasta, clóis iarnróid agus lárionaid rialaithe tráchta (bainisteoirí bonneagair);

(iii) saoráidí seirbhíse iarnróid a oibriú, a bhainistiú agus a chothabháil (oibreoirí saoráidí seirbhíse);

(iv) trácht iarnróid a oibriú, a bhainistiú agus a chothabháil, rialú agus ceannas agus comharthaíocht chomh maith le suiteálacha agus córais teileachumarsáide a úsáidtear le haghaidh rialú agus ceannas agus comharthaíocht (bainisteoirí bonneagair);

(c) fo-earnáil an uisce:

(i) seirbhísí iompartha uisce intíre, mara agus cósta (paisinéirí agus lasta) (*cuideachtaí iompair paisinéirí agus lasta ar uisce intíre, ar muir agus cósta*);

(ii) calafoirt agus saoráidí calafoirt a oibriú, a bhainistiú agus a chothabháil, agus oibreacha agus trealamh a oibriú laistigh de chalafoirt, lena n-áirítear buncaeireacht, láimhseáil lasta, múráil, seirbhísí paisinéirí, bailiú dramhaíola long-ghinte agus iarmhar lasta, píolótaíocht agus tuáil (*comhlachtaí bainistithe calafort agus eintitis a dhéanann oibreacha agus trealamh a oibriú laistigh de chalafoirt*);

(iii) seirbhísí um thrácht árthaí (*oibreoirí seirbhísí um thrácht árthaí*);

(d) fo-earnáil an bhóthair:

(i) rialú bainistíochta tráchta, lena n-áirítear gnéithe a bhaineann le pleanáil, rialú agus seirbhísí bainistíochta gréasán bóithre, cé is moite de bhainistiú tráchta nó d’oibriú córas cliste iompair i gcás nach cuid fhíor-riachtanach iad de ghníomhaíocht ghinearálta eintiteas poiblí (údaráis bóithre);

(ii) Seirbhísí Córas Cliste Iompair (oibreoirí Córas Cliste Iompair);

(e) fo-earnáil an iompair phoiblí: seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí d’iarnród, le modhanna rianbhunaithe eile agus de bhóthar (*oibreoirí seirbhíse poiblí*);

(3) earnáil na baincéireachta:

(i) taiscí a ghlacadh (*institiúidí creidmheasa*);

(ii) iasachtú (*institiúidí creidmheasa*);

(4) earnáil bhonneagar an mhargaidh airgeadais:

(i) ionad trádála a oibriú (oibreoirí ionad trádála);

(ii) córais imréitigh a oibriú (contrapháirtithe lárnacha);

(5) an earnáil sláinte:

(i) seirbhísí cúraim sláinte a sholáthar (soláthraithe cúraim sláinte);

(ii) anailísiú a dhéanann saotharlann tagartha de chuid an Aontais Eorpaigh (saotharlanna tagartha AE);

(iii) taighde agus forbairt ar tháirgí íocshláinte (eintitis a dhéanann gníomhaíochtaí taighde agus forbartha ar tháirgí íocshláinte);

(iv) monarú buntáirgí cógaisíochta agus bunullmhóidí cógaisíochta (eintitis a mhonaraíonn táirgí cógaisíochta agus ullmhóidí cógaisíochta bunúsacha);

(v) monarú feistí leighis a mheastar a bheith criticiúil le linn éigeandáil sláinte poiblí (eintitis a mhonaraíonn feistí leighis);

(vi) dáileadh táirgí íocshláinte (eintitis ag a bhfuil údarú dáileacháin);

(6) earnáil an uisce óil: soláthar uisce óil agus dáileadh uisce óil, cé is moite de dháileadh uisce lena thomhailt ag an duine, i gcás inar cuid neamhriachtanach í an tseirbhís sin de ghníomhaíocht ghinearálta dáileoirí a dháileann tráchtearraí agus earraí eile (*soláthróirí agus dáileoirí uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine*);

(7) earnáil an fhuíolluisce: bailiú, cóireáil agus diúscairt fuíolluisce cé is moite de fhuíolluisce uirbeach, fuíolluisce tí nó fuíolluisce tionsclaíoch a bhailiú, a dhiúscairt nó a chóireáil i gcás nach cuid riachtanach iad de ghníomhaíochtaí ginearálta gnóthas (*gnóthais a dhéanann fuíolluisce uirbeach, tí agus tionsclaíoch a bhailiú, a dhiúscairt nó a chóireáil*);

(8) earnáil an bhonneagair dhigitigh:

(i) soláthar agus oibriú na seirbhíse pointí malartaithe idirlín (soláthraithe Pointí Malartaithe Idirlín);

(ii) soláthar seirbhíse chóras ainmneacha fearainn (DNS) cé is moite de sheirbhísí a bhaineann le freastalaithe fréamhainmneacha (soláthraithe seirbhíse DNS);

(iii) clárlanna ainmneacha fearainn barrleibhéil (TLD) a oibriú agus a riar (clárlanna ainmneacha TLD);

(iv) soláthar seirbhísí néalríomhaireachta (soláthraithe seirbhísí néalríomhaireachta);

(v) seirbhís lárionaid sonraí a sholáthar (soláthraithe seirbhísí lárionaid sonraí);

(vi) soláthar gréasán soláthair ábhair (Soláthraithe gréasán soláthair ábhair);

(vii) soláthar seirbhísí iontaoibhe (soláthraithe seirbhísí iontaoibhe);

(viii) soláthar seirbhísí cumarsáide leictreonaí atá ar fáil go poiblí (soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí);

(ix) soláthar líonraí cumarsáide leictreonaí poiblí (soláthraithe líonraí cumarsáide leictreonaí poiblí);

(9) earnáil an riaracháin phoiblí: seirbhísí a sholáthraíonn eintitis riaracháin phoiblí de réir bhrí Airteagal 2, pointe (10), de Threoir (AE) 2022/2557, de chuid rialtas láir mar a shainmhíníonn na Ballstáit i gcomhréir leis an dlí náisiúnta *(eintitis riaracháin phoiblí de chuid rialtais láir);*

(10) earnáil an spáis: oibriú bonneagair ar talamh atá faoi úinéireacht, faoi bhainistiú agus faoi oibriú na mBallstát nó páirtithe príobháideacha a thacaíonn le soláthar seirbhísí spásbhunaithe, cé is moite de sholáthraithe líonraí cumarsáide leictreonaí poiblí (oibreoirí bonneagair ar talamh);

(11) earnáil an bhia a tháirgeadh, a phróiseáil agus a dháileadh (gnólachtaí bia a bhíonn ag gabháil go heisiach do lóistíocht agus do dháileadh mórdhíola agus do tháirgeadh agus próiseáil thionsclaíoch ar mhórscála):

(i) táirgeadh agus próiseáil thionsclaíoch bia ar mórscála;

(ii) seirbhísí de chuid shlabhra an tsoláthair bia, lena n-áirítear stóráil agus lóistíocht;

(iii) dáileadh mórdhíola bia.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Iúil 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN